

1. Luacháil  $2 + 3 \times 4$ .

Freagra:

Plé ranga ar fhreagraí  
gach aon duine



Rinne matamaiticeoirí comhaontú go mbeadh:

*tús áite ag méadú ar shuimiú.*

2. I bhfianaise an chomhaontaithe sin, cé acu ceist i bhfoirm focal thíos a dhéanann cur síos ar an abairt uimhríochtúil

$$2 + 3 \times 4$$

- A. Oibríonn tú ar feadh 3 huaire mar fheighlí leanaí agus faigheann tú €4 in aghaidh na huaire de ghnáth. Ach ar an ócáid seo faigheann tú €2 mar shíneadh láimhe. Cé mhéad a thuill tú?
- B. Socraíonn garraíodóir crainn a chur thar timpeall ciumhaiseanna páirce cearnógaí. Socraíonn sé 3 chrann sailí agus 2 chrann silíní a chur ar gach aon chiumhais den pháirc. Cé mhéad crann a chuireann sé?

A nó B?

3. Más mian linn an suimiú a dhéanamh roimh an méadú bainimid úsáid as lúibíní:  $(2 + 3) \times 4$   
*simplímid a bhfuil idir na lúibíní i dtosach*

Cuir lúibíní ar na ráitis seo a leanas chun iad a fhírinniú.



- (i)  $7 \times 8 + 2 = 70$       (iii)  $6 + 3 \times 2 + 5 = 23$   
(ii)  $2 + 3 \times 4 + 5 = 45$       (iv)  $3 \times 7 + 1 + 1 = 25$

4. Oibríocht eile le féachaint air is ea úsáid séan (cumhachtaí). Meitseáil na sloinn uimhriúla lena samhlacha searnta comhfhreagracha trí A, B, C nó D a chur sa bhosca.

(i)  $3 \times 2$

$3^2$

Cuir A nó B sna boscaí



(ii)  $3^2 + 4^2$

$3 \times 4^2$

$(3 \times 4)^2$

$(3 + 4)^2$

Cuir ceann de na litreacha A, B, C nó D i ngach bosca

